# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2016

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

## Spáinnis

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Marcanna Iomlána: 320

| GRÁDÚ | |
|---|---|
| A: | 272 - 320 |
| B: | 224 - 271 |
| C: | 176 - 223 |
| D: | 128 - 175 |
| E: | 80 - 127 |
| F: | 32 - 79 |
| NG: | 0 - 31 |

**Socruithe Réasúnta: Tabhair ar aird le do thoil na leasuithe ar an Scéim Mharcála i Roinn B, Ceist 2 (a) agus (b), inar deonaíodh tarscaoileadh do dhaltaí maidir le litriú nó inar deonaíodh agus baineadh úsáid as téipthaifeadán, scríobhaí nó as ríomhaire atá cumasaithe i dtaobh litriú de.**

**TABHAIR AR AIRD LE DO THOIL:**
***Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:***

Léiríonn **tulslais /** roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla, mar sin.

Léiríonn **dais –** roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.

Léiríonn **lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

Taispeánann **lúibíní cearnógacha [ ]** miondealú ar mharcanna laistigh den cheist nó tugann siad soiléiriú breise ar na marcanna atá le bronnadh as freagraí áirithe ar an gceist sin.

**N.B. Maidir le gach Roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagraí ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*

- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*

- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.*

- *Ní mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh.*

# TRIAIL CHLUASTUISCEANA (100 MARC)

**1. Anuncio – EL LIBRO EXPRESS**
**4 + 3 + 3 + 4 mharc = 14 mharc**

a. is seirbhís *nó* meaisín atá ann chun leabhair a fháil ar iasacht (saor in aisce) **(4 mharc)**

b. ***dhá cheann*** *díobh seo:* litríocht chlasaiceach/ leabhair do leanaí/ ficsean eolaíochta, beathaisnéisí, leabhair chócaireachta *nó* oidis **(3+3 mharc)**

c. ✓ 91 6895360 **(4 mharc)**

**2. Diálogo – ENTREVISTA CON CAROLINA MARÍN, CAMPEONA MUNDIAL DE BÁDMINTON**
**4 + 4 + 4 mharc = 12 mharc**

a. (thosaigh sí le) damhsa flamenco **(4 mharc)**

b. ***ceann amháin*** *díobh seo:* (sách) uaillmhianach; críonna (dá haois); i riocht maith coirp;
tá intinn láidir (inmheánach) aici *nó* tá sí láidir ó thaobh na hintinne de;
muinín (aici aisti féin agus a féidearthachtaí);
tá sí bródúil (as badmantan a roghnú); fuair sí an ceann is fearr ar dheacrachtaí **(4 mharc)**

c. ***ceann*** *díobh seo:* dul chuig an Spáinn, ullmhú do na cluichí/ Oilimpeacha in Rio,
bonn Oilim(peach) huachan **(4 mharc)**

**3. Diálogo – ÁNGEL AGHILLI HABLA DE LA PROMOCIÓN DE COCHES ELÉCTRICOS**
**4 + (3+3) + (3+3) mharc = 16 mharc**

a. (ó thús)/ tús an 20ú haois **(4 mharc)**

b. An Fhrainc agus an Spáinn **(3+3 mharc)**

c. ***dhá cheann*** *díobh seo:* siúl/ rothaíocht/ club roinnte carranna *nó* carr-roinnt/
(úsáid a bhaint as) carr leictreach **(3+3 mharc)**

**4. Descriptivo – EL RINCÓN DEL VAGO**
**(3+3) + (2+2+2) + 4 mharc = 16 mharc**

a. (i) 1998 (ii) in Salamanca **(3+3 mharc)**

b ***Trí cinn díobh seo:*** Meicsiceo, Veiniséala, an Cholóim, Eacuadór, an Airgintín, Peiriú
**(2+2+2 mharc)**

c. ✓ blag ina dtugtar comhairle **(4 mharc)**

**5. Descriptivo – LOS MERCADOS CALLEJEROS**
**4 + 4 + (4+4) mharc = 16 mharc**

a. níos saoire ná sna siopaí **(4 mharc)**

b. ✓ tuilleadh a fhoghlaim faoi stair na háite **(4 mharc)**

c. ***dhá cheann*** *díobh seo:* éadaí, bia, earraí leathair, boinn, leabhair athláimhe*,* plandaí, málaí, dlúthdhioscaí **(4+4 mharc)**

**6. El tiempo**
**6 + 6 + 6 mharc = 18 marc**

a. ✓ grianmhar **(6 mharc)**

b. scamallach **(6 mharc)**

c. 16 (chéim) **(6 mharc)**

**7. Una Noticia – UN 'MINION' EN DUBLIN**

**2 + 2 + (2+2) mharc = 8 marc**

a. (níos mó ná) 12 mhéadar / fathach / ollmhór **(2 mharc)**

b. aonach (in aice láimhe) **(2 mharc)**

c. Aon **dá cheann** de na pointí seo a leanas: na póilíní, na tiománaithe **(2+2 mharc)**

**14 + 12 + 16 + 16 + 16 + 18 + 8 = 100 marc**

# ROINN A (160 MARC)

## Ceist 1. Pesadilla en el Paraíso 50 marc

Caithfear na freagraí uile a scríobh i **Spáinnis.**

Is féidir glacadh le hathscríobh (**ábhartha** agus laistigh de theorainneacha réasúnta).

Ní thástáiltear ionramháil teanga.

Ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú. *Glactar le focail idir lúibíní le haghaidh marc iomlán ach níl siad riachtanach do fhreagra ceart.* Bainfear marc de dheasca focail bhreise neamhábhartha. *Léiríonn tulslais rogha freagraí a d'fhéadfadh a bheith i gceist.* Bronn 5 nó 0 marc ach amháin má luaitear a mhalairt.

*(a)* (la historia de) María Belón/el tsunami/ Su historia (inspiró la película) **(5 mharc)**

*(b)* médica **(5 mharc)**

*(c)* de vacaciones navideñas/ pasar las Navidades en Tailandia **(5 mharc)**

*(d)* leía un libro / leía *La Sombra del Viento* **(5 mharc)**

*(e)* (estaba / se bañaba / jugaba) en la piscina **(5 mharc)**

*(f)* (llegó) a las diez menos cuarto (de la mañana) **(5 mharc)**

*(g)* nadar **(5 mharc)**

*(h)* (i) (sufrió serios) daños en los órganos internos [5m]
(ii) (y en) la pierna derecha [5m] **(10 marc)**

*(i)* (se dedica a trabajar como) abogada/da charlas motivadoras(compartiendo sus experiencias extraordinarias) **(5 mharc)**

## Ceist 2. Las vacas marinas del océano 25 marc

*(a)* ba mara / muirí **(5 mharc)**

*(b)* plandaí agus féara **(3 + 2 mharc)**

*(c)* (suas le) 500 cileagram **(5 mharc)**

*(d)* clabhtaí/buillí [2m] ó bháid [3m] **(5 mharc)**

*(e)* Ceann **amháin** díobh seo: Ná cuir do lámh air/ ná tabhair bia dó/ fág ar a shuaimhneas é **(5 mharc)**

## Ceist 3. El café - ¿un hábito sano? 20 marc

*(a)* **Ceann amháin** díobh seo: tugann sé cosaint dúinn ó ghalair (ainsealacha) / galair mar ghalar Parkinson/galar Alzheimer/(neart cineálacha) ailse **(5 mharc)**

*(b)* **Ceann amháin** díobh seo: mná atá ag iompar clainne/ daoine a bhfuil hipirtheannas orthu/ fadhbanna cairdiacha nó croí/ gaistríteas (géar) nó (siondróm) putóige greannaithí **(5 mharc)**

*(c)* Vítneam **(5 mharc)**

*(d)* cupán caife a ól le chéile **(5 mharc)**

## Ceist 4. Aficionada a los Toros 25 marc

*(a)* **Dhá cheann** díobh seo: culaith tharbhchomhraic/seaicéad/brístí/riteoga/bástcóta/oiriúintí **(3+2 mharc)**

*(b)* 12 lá **(5 mharc)**

*(c)* (Seoladh na tomhais) sa ríomhphost/go leictreonach **(5 mharc)**

*(d)* Thaifead Madonna gearrthóg físe/físeán/físeán ceoil le tarbhchomhraiceoir Spáinneach, Emilio Muñoz **(5 mharc)**

*(e)* Cuireadh deireadh le/cosc ar t(h)arbhchomhraic **(5 mharc)**

## Ceist 5. Una expresión de libertad 40 marc

*(a)* (i) is oitiméIreacht tá nna a
(ii) is bealach eile é chun tú féin a chur in iúl **(6 mharc)**

*(b)* **Trí cinn** díobh seo: polaitíocht/reiligiún/spórt/grá/ealaín/greann **(9 marc)**

*(c)* **Trí cinn** díobh seo:
Músaeim/ compántais cheoldráma/ compántais drámaíochta/ compántais damhsa **(9 marc)**

*(d)* Cuireann sé *nó* tarraingíonn *nó* síníonn sé iasc ar gach ceann dá líníochtaí. **(4 mharc)**

*(e)* Le linn na 1980idí/ sna hochtóidí **(3 mharc)**

*(f)* **Trí cinn** díobh seo:
- Sasanach
- thosaigh sé ag péinteáil i Sasana
- níl mórán eolais ar fáil faoi
- rugadh gar do Bhriostó é
- rugadh é sa bhliain 1974
- fireann
- duine geal
- gruaig fhionn
- ard
- idir 28 agus 35 bliain d'aois
- ní fios cé hé féin i ndáiríre
- neart tuairimíochta mar gheall ar a ainm ceart
- Ní fear amháin é Banksy ach grúpa ealaíontóirí. **(9 marc)**

# ROINN B (60 MARC)

Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi:

**1. LITIR/R-PHOST** agus **ceann amháin de 2(a) NÓTA nó 2(b) IONTRÁIL DIALAINNE.**

**C. 1. LITIR:** **40 marc**

Tá **cúig** phointe le cur in iúl.
Ceadaigh **8** marc ar a mhéad do gach ceann díobh.
(Is féidir 0-8 marc a bhronnadh as gach mír.)

**8 marc × 5 = 40 marc**

| | |
|---|---|
| Teachtaireacht iomlán curtha in iúl go soiléir: | **8 marc** |
| Cur in iúl sásúil: | **6 mharc** |
| Cur in iúl dóthanach: | **5 mharc** |
| An teachtaireacht sothuigthe / roinnt mionsonraí in easnamh: | **4 mharc** |
| Is féidir ciall éigin a bhaint aisti | **2 mharc** |

**C.2 (a) NÓTA** **C.2 (b) IONTRÁIL DIALAINNE** **20 marc**

Na marcanna le roinnt ar an tslí chéanna i ngach cás.

Tá **ceithre** mhír le cur in iúl. Ceadaigh **5** mharc ar a mhéad do gach ceann díobh.
(Is féidir 0-5 mharc a bhronnadh as gach 'mír'.)

**5 mharc × 4 = 20 marc**

| | |
|---|---|
| Teachtaireacht curtha in iúl go hiomlán | **5 mharc** |
| 'Éirim' na teachtaireachta soiléir | **4 mharc** |
| Cuid den teachtaireacht sothuigthe | **3 mharc** |
| Is féidir ciall éigin a bhaint aisti | **2 mharc** |

## AGUISÍN A hAON

## SOCRUITHE RÉASÚNTA & SCÉIM MHARCÁLA MHIONATHRAITHE

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- *Úsáid gairis taifeadta ar bhonn deacracht foghlama*
- *Úsáid gairis taifeadta ar bhonn deacracht fhisiciúil*
- *Úsáid próiseálaí focal guth-ghníomhachtaithe*
- *Úsáid scríobhaí*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach*
- *Úsáid próiseálaí focal ar bhonn* ***deacracht foghlama agus sin amháin*** *(ríomhaire a bhfuil an seiceálaí litrithe agus gramadaí cumsaithe/air).*

Maidir leis na hiarrthóirí sin ar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach dóibh, ní ghearrtar pionós as earráidí i réimsí áirithe gramadaí. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**Roinn B**
Beidh feidhm leis an Scéim Mharcála Mhionathraithe leis an roinn seo go léir.

Marcálfar ábhar agus cumarsáid mar is gnáth ach ní ghearrfar pionós as **litriú** ná as gnéithe **gramadaí**, amhail foircinn bhriathra agus aontú aidiachtaí.

Litriú: Measfar comharthaí diaicritice atá in easnamh nó atá mícheart mar earráidí litrithe nach bhfuil pionós le gearradh astu.

Gramadach: Is féidir breithiúnas a thabhairt ar na gnéithe gramadaí nach bhfuil pionós le gearradh astu trí shamhlú go bhfuil tú ag éisteacht leis an bhfreagra ar CD. Má fhuaimníonn sé ceart, marcáiltear amhlaidh é. Níor chóir pionós a ghearradh as aon earráid ach amháin na cinn sin a thabharfaí faoi deara agus duine ag éisteacht leo.

## Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

# Tábla 320 @ 5%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 246 | 11 |
| 247 - 253 | 10 |
| 254 - 260 | 9 |
| 261 - 266 | 8 |
| 267 - 273 | 7 |
| 274 - 280 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 286 | 5 |
| 287 - 293 | 4 |
| 294 - 300 | 3 |
| 301 - 306 | 2 |
| 307 - 313 | 1 |
| 314 - 320 | 0 |

Leathanach Bán